



Fhine Gall

Eagrán an Fhómhair

Nuacht


LAISTIGH

- Athraithe a Dhéanamh Céim ar Chéim -leathanach 8
- Tagann Rothair Leictreacha Tíer go Fine Gall -leathanach 10
- Seachtain na hOidhreachta 2022 -leathanach 16

Clár ábhair

Fine Gall i bhFoirm Uimhreacha	5
An Fómhar i bhFine Gall	6
Seimeastar nua Gnó	7
Ciorcal Cairde	7
Athraithe a Dhéanamh Céim ar Chéim	8
Seachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath	9
Tagann Rothair Leictreacha Tier go Fine Gall	10
Sráid Nua Mhullach Íde Poiblí	11
Spraoi Teaghlaigh Úcráin	12
Féile i Veain Úcráin	13
Lá na hIndia 2022	14
Féile Bheacha Fiáine na Sceirí	15
Seachtain na hOidhreachta 2022	16
Oíche Chultúir 2022	18
poist i bhFine Gall	22

Samhradh i bhFine Gall





Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh

Samhradh an-ghnóthach a bhí ann agus an oiread sin dár n-imeachtaí trádmharcúla tagtha amach, agus sluaite maith ag dul amach ar fud an Chontae. Beidh an fhómhar dian freisin, agus beidh níos mó imeachtaí pobail ar siúl in éineacht le príomhghnó na Comhairle agus muid ag féachaint leis an bpróiseas buiséadach caipitil agus ioncaim a thabhairt chun críche agus príomhthionscadail a fheiceáil ag baint amach garspriocanna tábhachtacha.

Tá lúcháir orm dul chun cinn mór a fheiceáil, agus cead pleanála á fháil ag roinnt tionscadal ar nós Cheathrú Chultúrtha Shoird a chuideoidh lenár n-iarrachtaí carachtar uathúil Shoird a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá tús curtha againn le breathnú ar cad is féidir a dhéanamh chun Páirc Réigiúnach Ghleann Abhainn an Bharda a athbheochan agus a leathnú chun freastal ar riachtanais dhaonra atá ag fás go tapa i bpríomhbhaile an Chontae. In áiteanna eile, tá doirse an Halla Mór íocónach ag Caisleán Mhullach Íde tar éis athoscailt tar éis athchóiriú fairsing a dhéanamh.

Tá sé seo ar cheann de na láithreacha oidhreachta is tábhachtaí in Éirinn a théann siar go dtí na Meánaoiseanna agus tá go leor oibre déanta lena chinntiú gur áit iontach í seo le cuairt a thabhairt air. An tseachtain seo beimid ag dul isteach sa chéad chéim eile de phróiseas Dhréachtphlean Forbartha Fhine Gall (2022-2029).

D'fháiltigh an Chomhairle roimh os cionn 1900 aighneacht ón bpobal maidir le cabhrú linn Fine Gall a mhúnlú don todhchaí maidir le saincheisteanna tábhachtacha ar nós tithíocht, forbairt eacnamaíoch, pobal agus oidhreachta.

Seans go bhfuil an aimsir níos teo ag imeacht uainn, ach le séasúr na Nollag ag druidim linn - agus sceideal gnóthach imeachtaí le taitneamh a bhaint as roimh ré - tá súil againn go leanfaidh tú de bheith linn agus gach a bhfuil le tairiscint ag Fine Gall a cheiliúradh.

-AnnMarie Farrelly



Teachtaireacht an Mhéara

Agus an samhradh te ag imeacht uainn, is cúis áthais dom eagrán an Fhómhair de Fingal News a chur in aithne. Ba mhór an onóir é a bheith tofa mar Mhéara Fhine Gall i mí an Mheithimh agus ó shin i leith bhí deis agam dul i dteagmháil leis na ranna éagsúla ag an gComhairle agus tacú leo agus tionscnaimh á seoladh thar ceann mhuintir Fhine Gall.

Agus imeachtaí faoi lán seoil arís, bhí sé iontach muintir Fhine Gall a fheiceáil ag freastal agus ag ceiliúradh. Bhí áthas ar leith orm fáilte a chur roimh ár deireadh seachtaine íocónach Flavors of Fingal ag Teach agus Feirme stairiúil an Droichid Nua, agus beidh an tsraith imeachtaí samhraidh i gCaisleán Mhullach Íde agus i gCaisleán Shoird araon thar a bheith i gcuimhne do lucht leanúna an cheoil.

Ina theannta sin, bhí an Chomhairle gnóthach le himeachtaí agus ócáidí a léiríonn ár dtiomantas do phobail áitiúla a chothú. Trí cheiliúradh ar nós Lá na hIndia agus Lá Spraoi Teaghlaigh na hUcráine, bhí deis agam idirghníomhú leis na diaspora éagsúla a shabhríonn éagsúlacht ilchultúrtha Fhine Gall.

Táimid ag obair i gcónaí chun Fine Gall a dhéanamh mar áit chónaithe agus oibre níos fearr, rud a chiallaíonn inrochtaineacht níos fearr, ag leathnú ár spásanna glasa agus ag soláthar áiseanna lasmuigh trí thionscadail ar nós Conair Siúlóide stairiúil Bhaile Brigín agus Chaisleán Cnucha. Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an iliomad grúpaí pobail áitiúla i bhFine Gall. Tá a gcuid oibre agus a rannpháirtíocht ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéantar ár n-iarrachtaí a ailíniú agus a chur i gcrích in éineacht lenár spriocanna inbhuanaitheachta agus forbartha.

Táim ag tnúth le bualadh le níos mó daoine amuigh faoin aer i gcaitheamh na bliana.

- Howard Mahony



Fine Gall i bhFoirm Uimhreacha

1,500

Thug cuairt ar Fhéile Trá Bhaile Brigín na bliana seo, ag baint sult as an aimsir bhreá agus as an rogha gníomhaíochtaí éagsúla a bhí ar fáil ar an lá.

320

Líon na bpost Díreach arna dtacú ag Ionaid Fiontraíochta Fhine Gall

735

Rinneadh cinneadh pleanála go dtí deireadh Iúil 2022. 615 cinneadh cead a thabhairt (84%) agus 120 diúltú ceada (16%)

477.28

Bailíodh tonna gloine le haghaidh athchúrsála suas go dtí 29 Lúnasa 2022

€274,050

Ceadaithe chun seirbhís Mo Leabharlann Oscailte a sholáthar ag Leabharlann Bhaile Bhlaínséir agus Mhullach Íde

6

An líon bóithre réigiúnacha a aithníodh le haghaidh atógáil bóithre agus forleagan mar chuid de chlár caipitil na mbóithre réigiúnacha

308

Fuarthas aighneacht um Rialú Foirgníochta. Comhdhéanta de : 117 fógra tosaithe, 69 iarratas ar dheimhniú críochnaithe, 78 iarratas a bhaineann le tine agus 44 iarratas rochtana míchumais.

310

Líon na gcliant i bhFine Gall a fuair meantóireacht ghnó trí Chlinicí Comhairle Gnó LEO agus trí sheirbhísí meantóireachta

An Fómhar i bhFine Gall



Méara Fine Gall, An Comhairleoir Howard Mahony, ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir le foireann na Leabharlann don fhéile The Write Time

Tugann an fómhar clár nua féilte, imeachtaí, cainteanna agus ceardlanna chuig Leabharlanna Fine Gall. Agus é ina seachtú bliain anois, tosaíonn an Fhéile The Write Time, a dhéanann ceiliúradh ar an scríbhneoireacht chruthaitheach, i mí Mheán Fómhair agus beidh sí ar siúl ar feadh na míosa.

Tá The Write Time deartha d'aon duine ar spéis leo ceird na scríbhneoireachta. Más mian leat tús a chur le gearrscéal, machnamh pearsanta nó fiú úrscéal, féach ar chlár na gceardlann atá ar líne agus i mbrainsí na leabharlainne.

Do léitheoirí níos óige, beidh Féile Litríochta na bPáistí Fine Gall nár cheart a chailleadh ar siúl ar feadh lae amháin i gCaisleán Sord ar an Satharn 17 Meán Fómhair. Beidh puball

scéalta, crios cruthaitheach agus clinic leabhar ann. Fanfaidh Leabharlann Bhaile Bhlainséir agus Leabharlann Mhullach Íde ar oscailt go déanach san Oíche Chultúir, Dé hAoine 23 Meán Fómhair, ionas go mbeidh daoine de gach aois in ann taitneamh a bhaint as éagsúlacht imeachtaí cultúrtha, ina measc: scéalaíocht, ceol agus damhsa.

Beidh turas Oíche Chultúir ar Staidéir agus Cartlanna Áitiúla Fine Gall ag 46 An tSráid Thuaidh, Sord – lena n-áirítear sracfhéachaint ar chuid de na bailiúcháin is mó a bhfuil tóir orthu sna Staidéir agus Cartlanna Áitiúla.

Is féidir le daoine a bhfuil spéis acu sa stair bheith ag súil le Féile Staire bhliantúil Fine Gall, a thosaíonn

an 10 Deireadh Fómhair, agus a bheidh ar siúl ar feadh na seachtaine agus a chríochnaíonn le clár cainte taitneamhach lae i gCaisleán Sord ar an Satharn 15 Deireadh Fómhair.

I gcaint an Dochtúra Bernard Kelly, *A Dangerous Man: Frank Lawless and the War of Independence in Fingal*, díreofar ar an ról a bhí ag Frank Lawless, duine de na ceannairí réigiúnacha is fuinniúla sa tréimhse réabhlóideach, i saol cultúrtha, polaitiúil agus spórtúil Fine Gall.

Má tá taighde á dhéanamh agat ar stair do theaghlach, b'fhéidir go mbeadh sé spéisiúil duit go bhfuil rochtain saor in aisce á tairiscint ag Leabharlanna Fine Gall anois ar an saibhreas acmhainní ginealais atá ar fáil trí FamilySearch. Tá níos mó ná 6 billiún ainm inchuardaithe agus 2 bhilliún íomhá de thaifid stairiúla ginealais ag an tseirbhís ar líne seo a bhfuil an-tóir uirthi.

Tá tuilleadh eolais maidir le seirbhísí leabharlainne agus na féilte, imeachtaí agus ceardlanna go léir a bheidh ar siúl an fómhar seo ar fáil ag do leabharlann áitiúil, ar shuíomh gréasáin Leabharlanna Fine Gall <https://www.fingal.ie/fingallibraries> agus ar nameáin shóisialta Leabharlanna Fine Gall: Facebook, Instagram @librariesfingal agus Twitter @fingallibraries

Oifig Fiontair Áitiúil

Seimeastar nua Gnó



Tá lúcháir ar an Oifig Fiontair Áitiúil, Fine Gall ár seimeastar nua oiliúna agus imeachtaí gnó a sheoladh, ag tosú i mí Mheán Fómhair 2022.

Tá go leor tairiscintí againn a dhíríonn ar oiliúint d'úinéirí gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide, ó chúrsaí "Tosaigh do ghnó féin", go Forbairt Ceannaireachta & gach rud eatarthu.

Chun freastal ar riachtanais ar leith i do ghnóthas, cuirimid réimse ábhar gnó ar fáil: ó Airgeadas agus Cáin, go Margaíocht agus Díolachán, go Acmhainní Daonna agus Oibríochtaí. Beidh líon beag cúrsaí Meáin Dhigiteacha againn freisin chun a chinntiú go bhfuil tú ag baint leasa as do láithreach ar líne, agus ag méadú do sciar den mhargadh ó do chainéal ar líne.

Tá fáilte romhat chuig ár zón Oiliúna agus tá súil againn tú a fheiceáil i roinnt dár gcúrsaí go pearsanta nó ar líne.

Cláraigh lenár ríomhiris Oiliúna chun fógra a fháil maidir le dátaí nua na gcúrsaí.

Nach bhfeiceann tú an méid atá ag teastáil uait anseo? Téigh i dteagmháil linn! Tá suim againn cloisteáil uait, déan teagmháil ag info@leo.fingal.ie chun cur in iúl dúinn cén oiliúint atá uait chun cur le do ghnóthas.

Ciorcal Cairde

Bhí Fiontraithe Mná Fhine Gall ann go tiubh ar an Déardaoin, an 8 Meán Fómhair le haghaidh ócáide le téama an chairdis "Ciorcal Cairde" sa Portmarnock Hotel and Golf Links, Port Mearnóg, Contae Bhaile Átha Cliath. Thug an t-imeacht líonraithe, a d'óstáil Oifig Fiontair Áitiúil Fine Gall, deis iontach do mhná gnó meascadh le fiontraithe ar aon intinn leo agus cairdeas luachmhar a dhéanamh.

Ciorcail cairdis a bhí mar ábhar an lae, le sraith príomhchainteoirí lena n-áirítear Wendy Stunt, Allison Keating, Amy Herbert agus Caroline St. Leger ag roinnt a gcuid saineolais fhairsing, agus ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le ciorcal iontaofa cairde a bheith againn chun tacaíocht a fháil uathu feadh a dturais ghnó aonair. D'fhreagair an síceolaí mór le rá Allison Keating réimse ceisteanna a cuireadh isteach go hanaithnid ón lucht éisteachta freisin.

Ansin, bhí deis ag an lucht freastail dul i mbun "siúl líonraithe" le mná gnó eile, ag déanamh naisc agus cairdis nua agus iad ag spaisteoireacht.



Gníomhú ar son na hAeráide

Athraithe a Dhéanamh Céim ar Chéim



Ár Lorg Carbóin a Thuiscint:

Céard é ár lorg carbóin?

Tagraíonn lorg carbóin duine do mhéid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a chruthaíonn siad bunaithe ar a gcúinsí, a roghanna a bhaineann lena stíl mhaireachtála agus a gníomhartha.

Áireamhán Carbóin:

Is féidir leat do lorg carbóin féin, lorg carbóin do theaghlaigh nó lorg carbóin do ghnó a ríomh anseo.

Fuinneamh:

Is féidir leat do lorg carbóin fuinnimh a laghdú:

1. Déan monatóireacht ar d'úsáid leictreachais.
2. Múch gléasanna seachas iad a fhágáil ar fuireachas.
3. Cas síos do theirmeastat céim amháin.

4. Socraigh do théamh ar an gclog chun an teach a sheachaint nuair nach bhfuil aon duine sa bhaile.

5. Múch radaitheoirí nuair nach bhfuil siad ag teastáil.

Laghdófar lorg carbóin do theaghlaigh chomh maith le do chostais téimh fhadtéarmacha a ísliú má dhéantar do theach a ath-fheistiú le bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus le insliú níos fearr.

Cuireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann Deontais Fuinnimh Baile ar fáil le haghaidh uasghrádaithe fuinnimh tí chun do theach a dhéanamh níos teo agus níos tíosaí ar fhuinneamh <https://www.seai.ie/grants/home-energy-grants/>

Iompair:

Is féidir leat do lorg carbóin iompair a laghdú:

1. Roghnaigh taisteal gníomhach agus siúil nó téigh ar rothar
2. Socraigh carr-roinnte in ionad feithiclí iolracha a ghlacadh.
3. Socraigh iompair poiblí in ionad d'fheithicil féin a thiomáint.
4. Faigh gluaisteáin ar cíos mura n-úsáideann tú é ach go hócáideach nó chun gluaisteáin a roinnt.
5. Déan cúiteamh ar do chuid astaíochtaí carbóin nuair is féidir leat.
6. Ceannaigh earraí sa siopa in ionad ar líne.

Réim Bia:

Is féidir leat do lorg carbóin réime bia a laghdú:

1. Laghdaigh do chaitheamh feola agus b'fhéidir béile saor ó fheoil agat gach seachtain.
2. Ceannaigh áitiúil agus laghdaigh astaíochtaí iompair ó earraí iompórtáilte.
3. Ceannaigh go séasúrach.
4. Déan plean béile seachtainiúil agus liosta grósaeireachta agus laghdaigh cur amú bia.

Tá páirt againn go léir chun cabhrú le dul i ngleic le hathrú aeráide. Déan gníomh aeráide trí áireamhán carbóin a úsáid agus cuid de na leideanna seo a ghlacadh. Níl aon gníomh ró-mhór nó ró-bheag!

Gníomhú ar son na hAeráide

Seachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath



Ag leanúint ar aghaidh ón rath a bhí ar sheachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath na bliana seo chaite beidh na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Codema - Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath - agus le Oifig Gníomhaireacht Aeráide Réigiúnach Bhaile Átha Cliath (CARO) ina hóstach ar an dara Seachtain Gníomhaíochta Aeráide (DCAW22) i mBaile Átha Cliath, ón 12 - 17 Meán Fómhair.

Beidh imeachtaí pearsanta agus ar líne ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath faoi na téamaí Fuinneamh agus Iompar, Seasmhacht Tuilte, Réiteach Dúlra agus Bainistiú Acmhainní.

Is é an aidhm atá ann ná spreagadh a thabhairt, eolas a roinnt agus béim a chur ar an gcleachtas is fearr maidir le gníomhaíocht aeráide agus muid ag obair i dtreo Baile Átha Cliath níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a chruthú. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun an t-eolas ar an gclár imeachtaí is deireanaí a bheith agat, le do thoil, téigh ar <https://dublinclimatechange.codema.ie/climate-action-week>

Cuir d'ainm síos lenár Training eZine chun fógra a fháil faoi dhátaí cúrsa nua.

IMEACHTAÍ DO DCAW 2022

Mná san Inbhuanaitheacht

Beidh plé ar líne ar 14 Meán Fómhair ina mbeidh mná ag cabhrú le todhchaí níos fearr agus níos gile a thógáil dár dtír, dá saoránaigh agus dár timpeallacht. Aithníonn agus ceiliúrann an imeacht seo mná a rannchuidíonn ar bhealach dáiríre i réimse na hinbhuanaitheachta in Éirinn.

Mionfhéile Aeráide

A festival on Saturday 17th Sept in Millennium Park was an immersive experience in practical sustainability as audience availed a bike clinics, workshops on composting and food waste, Sustainable fashion tips while soaking up some sun and great music.

Ag Rothaíocht Gan Aois

Cycling Without Age offered a very comfortable cycling experience for passengers and cyclists using Trishaw Bikes. The event at Millenium Park aimed to raise awareness on alternative methods of travel while meeting social needs of older people by providing social connection and inclusion.



Taisteal Gníomhach

Tagann Rothair Leictreacha Tier go Fine Gall



Méara Fhine Gall Howard Mahony sa phictiúr le Gráinne Carroll ó Chomhairle Contae Fhine Gall & Peadar Golden ó TIER

Tharla forbairt spreagúil an Meitheamh seo caite agus Rothair Leictreacha Tier á leathadh amach i bhFine Gall. Cuireann rothair leictreacha cumhacht ceallraí ar fáil chun cabhrú leat feadh do thurais agus d'fhéadfadh go mbeadh roghnú rothar leictreach an bealach is cliste chun dul cibé áit a bhfuil tú ag dul.

Le saolré ceallraí suas le 80km, tá rothair leictreacha TIER iontach do thurais níos faide nó turais nuair a d'fhéadfadh beagán breise cumhacht a bheith úsáideach agus an chumhacht ceallraí ag tosú tar éis nóiméad nó dhó na troitheáin a oibriú agus cabhraíonn sé leat bogadh. Ag tosú le 100 rothar le cumhacht ceallraí i mBaile Bhlainséir, i Sord, i Mullach Íde, i mBaile Dúill, i bPort Mearnóg agus i mBinn Éadair, leathfaidh an scéim roinnte rothar leictreacha Tier níos mó sna míonna amach romhainn.

Is féidir leat rothar leictreach TIER a phiocadh suas go héasca. Tá rothair leictreacha Tier oiriúnach do dhuine ar bith os cionn 16 bliana d'aois agus tá cárta creidmheasa nó cárta dochair ag teastáil chun clárú don tseirbhís.

Is féidir rothair leictreacha a phiocadh suas agus a pháirceáil ag racaí rothar ainmnithe agus ní mór do thurais tosú agus críochnú laistigh de limistéar Fhine Gall, agus taispeántar gach cearn díobh san aip TIER.

Mar chuid den mhisean seo, oibríonn an Chomhairle dhá scéim roinnte rothar ó Tier agus Bleeper, ag freastal ar an gcuid is mó den chontae. Tabhair faoi deara, ní gá duit rothar a bheith agat chun rothaíocht a thosú - is féidir leat clárú le Bleeper nó Tier agus rothar nó rothar leictreach a dhíghlasáil le húsáid aon uair a bhíonn ceann uait ar tháille an-bheag.

Tá na rothair seo oiriúnach le haghaidh turais laethúla chun oibre, oiliúna nó na siopaí chomh maith le húsáid fhóillíochta. Mar sin, cibé an bhfuil tú ag smaoineamh ar dhul go dtí an trá nó go dtí an pháirc ar rothar, ba cheart duit clárú inniu agus na troitheáin a oibriú!

Faigh tuilleadh eolais faoi Chomhroinnt Rothair ar phraghas réasúnta ag <https://www.fingal.ie/activetravel/bikes>

Nuashonruithe Tógála

Ag Lánaí Rothaíochta Cosanta Ascaill Chrónáin & Bhóthar Bhaile Breacáin, tá an conraitheoir ag uasghrádú acomhal isteach Ascaill na Páirce agus ag suiteáil Trasrian Síogach nua ar Bhóthar Bhaile Breacáin. Tá tús curtha le hoibreacha ar uasghrádú slí isteach Bhaile an Labhrais chun sábháilteacht do choisithe agus rothaithe a fheabhsú. Leanann an conraitheoir den obair feadh Bhóthar Bhaile Breacáin os comhair na scoileanna agus an tséipéil.

Leantar le cur i bhfeidhm dromchla roisín eapocsach ar Lánaí Rothaíochta Cosanta Bhaile Dúill i limistéar Bhóthar na Gráinsí. D'fhéadfadh roinnt cur isteach tráchta tarlú idir 7pm agus meán oíche. Braitheann na hoibreacha seo ar an aimsir.

Le linn an ama seo, ar Lánaí Rothaíochta Cosanta Bhóthar Bhinn Éadair, tá dromchla roisín eapocsach críochnaithe anois agus tá fabhtanna beaga ag leanúint ar aghaidh ar an mbealach.

Le haghaidh nuashonruithe leanúnacha féach ar <https://www.fingal.ie/activetravel/cyclelanes>

Taisteal Gníomhach

Sráid Nua Mhullach Íde Poiblí

Tá foireann deartha chomhtháite a bhuaigh duaiseanna i mbun oibre go dian, ag dul i gcomhairle le muintir Mhullach Íde agus ag dearadh ríocht phoiblí nuashonraithe do Sráid Nua do choisithe i Mullach Íde.

Bhí Dermot Foley Landscape Architects agus comhairleoirí rannpháirtíochta geallsealbhóirí Connect the Dots ina óstach ar cheardlann dearadh idirghníomhach i Leabharlann Mhullach Íde i mí Iúil. Le linn na ceardlainne, tugadh cuireadh do rannpháirtithe líníocht, cur síos agus plé a dhéanamh ar conas a thaistealaíonn siad i Mullach Íde, a dtaithí ar an tSráid Nua agus conas a shamhlaíonn siad an spás amach anseo agus iad á dtreorú ag bileoga gníomhaíochta agus íomhánna spreagúla. Usáidfear an t-aiseolas a bheidh mar



thoradh air mar bhonn eolais don dearadh agus don phróiseas reachtúil amach anseo go déanach i 2022.

Tá an fhoireann deartha ag obair anois chun an tSráid Nua a athshamhlú mar spás poiblí a bhainfidh barr a gcumas amach, agus ag an am céanna ag comhlánú agus ag léiriú oidhreacht agus áilleacht uathúil agus tábhachtach na sráide agus an cheantair máguaird, chun limistéar coisithe saindeartha a chruthú i gcroílár

an tsráidbhaile a chuireann fáilte roimh chách.

Leanfaidh an ríocht phoiblí nuashonraithe ar an tSráid Nua ag neartú an muintearas idir na daoine sa sráidbhaile. Cabhróidh sé freisin le gnóthaí a bheith rathúil trí níos mó cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar, agus ag an am céanna spreagadh a thabhairt do chónaitheoirí áitiúla fanacht sa sráidbhaile, siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus taitneamh a bhaint as seirbhísí áitiúla.

Tá an fhoireann deartha ag ullmhú réamhdhearadh anois le taispeáint don phobail sna seachtainí atá romhainn. Is féidir faisnéis nuashonraithe a fháil ag www.fingal.ie/newstreet

Páirceáil Rothar i bhFine Gall

Táimid ag déanamh rothaíocht go dtí na siopaí, an scoil agus gníomhaíochtaí eile níos fusa ná riamh!

Bhí ár bhfoireann Taisteal Gníomhach gafa ag suiteáil áiseanna nua páirceála rothar ar fud Fine Gall ar feadh na bliana. Bí ag faire amach do racaí rothar nua a cuireadh i do pháirceanna, scoileanna, trána, clubanna agus limistéir shiopadóireachta áitiúla. Táimid ag cur áiteanna páirceála rothar nua i Muilte na Sceirí, an tOileán Rua, Bóthar na Trá agus Bóthar an Teampaill sna Sceirí chomh maith le Páirceanna Thír na nÓg agus An Choireáin i mBaile Átha Cliath 15 i mí Mheán Fómhair.

Féach ar www.fingal.ie/activetravel le haghaidh léarscáil de pháirceáil rothar ar fud Fine Gall!

Spraoi Teaghlaigh Úcráin



Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony agus an Príomhfheidhmeannach Anne Marie ag an gCrann 'Déan mian le haghaidh an Úcráin'.

Rinne Fine Gall ceiliúradh ar lá iontach filíochta, rince agus ceoil na hÚcráine agus Caisleán Sord ina óstach do lá speisialta Spraoi Teaghlaigh a d'aithin an caidreamh láidir a cothaíodh le sé mhí anuas idir muintir Fhine Gall agus na hÚcránaigh atá tagtha go dtí an Contae ó thús an choinbhleacht armtha.

D'fhreastail breis agus cúig chéad teaghlach Úcránach, oibríthe deonacha agus a dteaghlaigh óstaigh ó gach cearn d'Fhine Gall, agus ealaíontóirí ón Úcráin ar an stáitse chun siamsaíocht a thabhairt do chách. Agus na cónaitheoirí ag tumadh i dtaispeántas ilchultúrtha an rince, an cheoil agus na healaíne - leag an fhéile béim ar fhíor-spiorad an naisc atá idir an dá thír.

Chuir Méara Fhine Gall, an

Comhairleoir Howard Mahony fáilte roimh chách as Úcráinise agus dúirt sé: "Táim bródúil as mo chomhaltaí Fhine Gall as an dlúthpháirtíocht a léirigh siad do mhuintir na hÚcráine trína dtithe agus a gcroí a oscailt do na daoine iontacha seo. Tá Fine Gall anseo chun tacú lenár gcairde Úcránach agus tá an-áthas orm a bheith páirteach sa cheiliúradh seo le linn do chuairte in Éirinn."



Dúirt an Príomhfheidhmeannach Anne Marie Farrelly: "Is ábhar misnigh an oiread sin daoine anseo a fheiceáil anseo le linn an angair ar ais san Úcráin agus an-áthas orthu a bheith in ann a lá náisiúnta a cheiliúradh sna hamanna is deacra. Is siombail é an ealaín agus an cultúr a bhí ar taispeáint anseo d'athléimneacht na hÚcráine agus de thacaíocht Fhine Gall dár gcairde."

Ag an imeacht - comhoibriú idir na foirne Pobail, Spóirt, Leabharlanna agus Imeachtaí ag Comhairle Contae Fhine Gall agus Ionad Géarchéime na hÚcráine - chonacthas léirithe ag Elina Gerasimchuk, Natalia Bumbliaiskiene agus Marina Odolska smacht a chur ar an lucht éisteachta agus chuir Ceol na hÚcráine agus na hÉireann gach duine ar a chosa. Chomh maith leis an tsiamsaíocht, bhain na teaghlaigh taitneamh as an tráthnóna grianmhar le gníomhaíochtaí spraiúla cosúil le péinteáil aghaidheanna agus cúrsa bacainní inséidte.

Féile i Veain Úcráin



Robert Burns, Stiúrthóir Tithíochta agus Forbartha Pobail, Méara Fhine Gall Howard Mahony, Yeva Halstian, fliúiteadóir agus Anna Cherniavska ón Úcráin.

Tháinig Féile i Veain go Fine Gall Dé Céadaoin 20 Iúil le haghaidh dhá léiriú speisialta chun fáilte a chur roimh ár gcairde Úcránach nua chun na tíre. Le tacaíocht ó Éire Chruthaitheach, leabharlanna Fhine Gall agus Oifig Forbartha Pobail Fhine Gall agus á stiúradh ag foireann de ghairmithe amharclainne, is í Féile i Veain an feithicil iontach do dhuine ar bith ar mhaith leis an smaoineamh go dtiocfaidh rud éigin iontach ar an mbealach.

Is cinnte gur mar sin a bhí an scéal i bhFine Gall nuair a sheinn ceoltóirí Éireannacha agus Úcránach le chéile chun siamsaíocht iontach a sholáthar do lucht éisteachta díograiseach ina raibh Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony agus os cionn 100 cónaitheoir Úcráinis láithreach.

Thosaigh an lá ar maidin ag an lárionad do chúrsaí spioradálta

Emmaus i Sord ina raibh léiriú iontach ón bpianódóir Úcráinis Oleh Udod, chomh maith le Yeva Halstian agus grúpa bailéad Ar fud na hEochracha, le Joe Brennan, John Brennan, Colum King, agus Jim Aughney.

Ag labhairt dó ag an ócáid, chuir Méara Fhine Gall, an Comhairleoir

Howard Mahony fáilte roimh na haíonna ón Úcráin go Fine Gall ag rá “Tá lúcháir orm freastal ar ócáid speisialta an lae inniu i Sord agus i mBinn Éadair agus bhain mé an-taitneamh as ceol ó cheoltóirí na hÚcráine agus na hÉireann araon. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte chroíúil a chur romhaibh go léir agus a chur in iúl daoibh go bhfuil Fine Gall anseo chun tacaíocht a thabhairt duit le linn do chuairte in Éirinn.”

Dúirt Robert Burns, Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall, a d’fhreastail ar an dá léiriú: “Tá sé thar a bheith tábhachtach fáilte láidir a chur roimh ár n-aíonna ón Úcráin, a thaistil go dtí seo i gcúinsí scanrúla, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Ranna na Comhairle agus Éire Cruthaitheach a chuidigh leis seo a chur i gcrích in éineacht leis na pobail aíochta agus na háiseanna atá ag soláthar baile dár gcairde Úcránacha anois”.



Lá na hIndia 2022



Tar éis sos 2 bhliain, d'fhill Lá na hIndia chun a 8ú ceiliúradh bliantúil a óstáil go pearsanta ag Bhán an Feirme ar an 21 Lúnasa 2022.

Agus an India ag ceiliúradh 75ú bliain neamhspleáchais na hIndia, chomóradh an ócáid an nasc speisialta idir cultúir na hÉireann agus cultúir Indiacha. Bhunaigh Comhairle na hÉireann agus na hIndia, in éineacht leis an OOP agus comhlachtaí cathartha eile, Lá na hIndia i 2015. Tá sé ar cheann de na himeachtaí is suntasaí a bhaineann leis an India in Éirinn, lá chun cultúir Éireannacha agus Indiacha a chumasc le cláir cheoil agus rince ón dá thír, taispeántais chultúrtha, seónna faisin, bia agus aonach lámhcheardaíochta. Le cláracha ó amhráin Ghaeilge go ceol clasaiceach agus rince Bollywood, bhí ceiliúradh Lá na hIndia mar aoibhnis do na céadfaí.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony “Agus beagnach 45,000 Indiach ag teacht chun cónaithe na hÉireann, is deis iontach é Lá na hIndia chun gnéithe iomadúla na hIndia a cheiliúradh; na healaíona, ceardaíocht agus cultúir a thugann an éagsúlacht shaibhir sin chuig ár bpobail, ag aontú Éire agus an India.”

Mar bhaile do shochaí mhór, éagsúil agus ilchultúrtha, aithníonn Comhairle Contae Fhine Gall pobail eitneacha éagsúla an chontae agus cuireann siad luach orthu. Bhí ról lárnach ag an bpobal Indiach i bhFhine Gall i gcur i bhfeidhm straitéis um imeascadh imirceach agus comhtháthú sóisialta Fhine Gall agus léiríonn sé a thiomantas leanúnach don éagsúlacht trí imeachtaí ar nós Lá na hIndia 2022.



Féile Bheacha Fiáine na Sceirí



Sheol Méara Fhine Gall, an Clr. Howard Mahony, Féile Bheacha Fiáine na Sceirí 2022 ag Muilte na Sceirí Dé hAoine, 26 Lúnasa 2022. Ba chomhoibriú idir Comhairle Contae Fhine Gall, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, agus Charlie agus Marion Heasman ó Sustainable Skerries a bhí san imeacht trí lá a bhí ar siúl ón 26 go dtí an 29 Lúnasa.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Clr. Howard Mahony “Bhí sé iontach a fheiceáil gur chabhraigh Féile Bheacha Fiáine na Sceirí le daoine dul isteach i saol na hinbhuanaitheachta trí na beacha agus na héin atá ina ngairdíní cúil féin a fheiceáil thar an deireadh seachtaine”

Thar an deireadh seachtaine, d’fhoghlaim baill den phobal faoin mBumbóg Charda Caonaigh (*Bombus muscorum*), bumbóg dúchais atá ag dul in olcas go mór ar fud na hÉireann ach atá faoi bhláth sna Sceirí, mar thoradh díreach ar ghrúpa dícheallach Bailte Slachtmhara na Sceirí.

Múineadh don lucht freastail faoi phailneoirí agus a dtionchar dearfach ar fhlóra agus fána dúchasach na hÉireann trí sheimineáir éagsúla agus siúlóidí dúlra.

Dúirt Charlie agus Marion Heasman, Saineolaithe Beacha ó Sustainable Skerries: Táimid tar éis a bheith ag obair ar phlean chun an bhumbóg charda caonaigh a shábháil sna Sceirí, agus ionas go n-oibreoidh sé seo, is gá dúinn tacaíocht ón bpobal ar fad. Thug Féile na mBeacha deis luachmhar dúinn dul i dteagmháil le níos mó daoine go háitiúil, agus mar a chéile, chuir sé ar ár gcumas ceangal agus teagmháil a dhéanamh le daoine aonair agus le grúpaí pobail ó Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin.

Ba mhaith linn an deis a thapú buíochas a ghabháil le Comhairle Contae Fhine Gall agus leis an Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta as an imeacht a eagrú agus an sprioc seo a bhaint amach.”

Chuir éiceolaithe ón Ionad Náisiúnta Bithéagsúlachta agus baill de Chomhairle Contae Fhine Gall leis an bhféile freisin, ag tabhairt siamsaíochta do pháistí agus do dhaoine fásta araon, trí bheacha agus féileacáin a phéinteáil ar aghaidheanna gealgháireacha.

Deir Deborah Tiernan, Oifigeach Bithéagsúlachta le Comhairle Contae Fhine Gall:

“Chruthaigh Féile Beacha Fiáine na Sceirí go bhfuil fíor-phaisean ag daoine faoin inbhuanaitheacht agus faoina n-éiceachóras áitiúil ach go mothaíonn siad cailte go minic faoin áit le tosú. Trí scileanna a mhúineadh dóibh chun bithéagsúlacht a chothú, táimid ag cabhrú le hathrú dearfach fadtéarmach a chruthú dár dtimpeallacht.”

Tá obair Sustainable Skerries agus grúpaí Bailte Slachtmhara áitiúla maidir le bithéagsúlacht ag leanúint ar aghaidh agus á tacú ag Comhairle Contae Fhine Gall.

Seachtain na hOidhreachta 2022



Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony ag seoladh Sheachtain na hOidhreachta 2022

Tháinig baill de Chumann Oidhreachta agus Staire Fhine Gall le chéile i Halla Paróiste Naomh Sylvester, Mullach Íde chun Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh don chéad uair ó 2019 agus bhí oíche den scoth ag cách.

Thug Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall, Christine Baker agus Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony, aitheasc ag an gcruinniú sular roinn siad sraith cainteanna gearra agus scéalta ar Oidhreacht an Chontae.

Ghabh Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Howard Mahony buíochas le baill an Líonra Oidhreachta as

a gcuid oibre i bhFhine Gall ag caomhnú agus cur chun cinn na hOidhreachta ag rá 'Tá Oidhreacht shaibhir Fhine Gall le feiceáil timpeall orainn sa tírdhreach agus i bhfoirgnimh agus séadchomharthaí stairiúla a chomh tábhachtach céanna don ionannas Fhine Gall agus sinne mar daoine ó Fhine Gall. Ba mhaith liom an obair atá ar siúl agaibh go léir a mholadh chun an oidhreacht chultúrtha seo a chaomhnú agus a choinneáil beo agus scéalta na ndaoine a tháinig romhainn agus a bhfuil tionchar ag a saolta ar ár gcontae a roinnt.'

Ghabh Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta

Fhine Gall buíochas le baill an Líonra a d'eagraigh an ócáid agus dúirt sí 'Tá lúcháir orm bualadh libh go léir arís chun Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh le chéile sa seomra céanna tar éis an oiread sin ama.

Ar ndóigh anocht táimid ag smaoineamh ar na baill atá cailte againn ó bhí muid le chéile go deireanach agus freisin ar gach duine nach bhfuil in ann a bheith linn anocht." Tá Líonra Oidhreachta Fhine Gall comhdhéanta de Chumann Oidhreachta agus Staire agus faigheann sé tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall tríd an Oifigeach Oidhreachta Christine Baker.

Áirítear le hobair na gCumann ar bhonn leanúnach taighde a dhéanamh ar an stair áitiúil, clár chainteanna a chur ar fáil, siúlóidí stairiúla a threorú agus iarsmalann a reáchtáil.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Oidhreacht Fhine Gall féach <https://www.fingal.ie/heritage-andconservation> agus ar an Líonra Oidhreachta féach féach <https://www.fingal.ie/heritage-groups-andsocieties>



Oíche Chultúir 2022



Tá fíoráthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall clár iontach imeachtaí saor in aisce a fhógairt a bheidh ar siúl in áiteanna éagsúla i bhFine Gall chun Oíche Chultúir 2022 a cheiliúradh Dé hAoine 23 Meán Fómhair.

Ar feadh oíche amháin, síneoidh eagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha, caisleáin agus tithe stairiúla i bhFine Gall a gcuid uaireanta oscailte don phobal, ag díriú aird ar an dúrud áiseanna cultúrtha agus daoine cumasacha sa cheantar. Cuimsíonn clár eicléictiúil na bliana seo gníomhaíochtaí cultúrtha beo saor in aisce ag ionaid agus láithreacha rannpháirteacha. Is féidir le lucht spéise de gach aois taitneamh a bhaint as éagsúlacht ceoil, filíochta, taibhithe, ceardlanna ealaíne, ailtireachta, turais agus cainteanna atá cláraithe go háirithe don Oíche Chultúir i bhFine Gall.

Bain sult as caint taispeántais agus turas líníochta ar (R)OARS

leis an ealaíontóir Michelle Hall nó glac páirt i gceardlanna idirghníomhacha ar spásanna poiblí, ailtireacht agus drámaíocht óige ag Draíocht.

Cuirfidh Mol Ár mBaile Brigín fáilte roimh chuariteoirí go Cearnóg Sheoirse, áit ina dtiocfaidh ceoltóirí, ealaíontóirí agus grianghrafadóirí áitiúla le chéile le haghaidh léirithe ceoil as a seasamh, léamha agus taispeántais dá saothar. Ag

glacadh páirt san Oíche Chultúir freisin, tá Institiúid Ceoil agus Amhrán na hÉireann, áis cheoil den scoth i mBaile Brigín, a bheidh mar óstach ar thaibhithe ceoil beo agus beidh deis ag cuairteoirí chuig Caisleán

Tá réalteolaithe ó Réadlann Dhún Sinche DIAS ar bís le filleadh ar imeachtaí i láthair faoi dheireadh, bígí leo le haghaidh cainteanna cosmacha agus turais féintreoraithe i measc na réalta. Is féidir le cuairteoirí dul ag spaisteoireacht trí limistéir áille taobh istigh na réadmhaoine oidhreachta is fearr i bhFine Gall freisin, mar shampla an halla mór ag Caisleán Mhullach Íde a athosclaíodh le déanaí agus ceathrúna na seirbhíseach ag Teach agus Feirm an Droichid Nua, nó céard faoi dul chuig an Iarnród Mionsamhla Fry iontach atá lonnaithe i Músaem an Casino, Mullach Íde.

Tabhair cuairt ar www.fingalarts.ie/news le haghaidh tuilleadh eolais agus clár na n-imeachtaí atá bunaithe i bhFine Gall agus le haghaidh an chlár náisiúnta iomlán féach ar www.culturenight.ie



ONE NIGHT FOR ALL ONE NIGHT FOR

2 ● 23 SEPT 2022 ● 23 SEPT 2022 ● 23 SEPT 2022



 CULTURE NIGHT  CULTURE NIGHT  CULTURE NIGHT 

DUBLIN ● DUBLIN ● DUBLIN ● DUBLIN ●



[CULTURENIGHT.IE/FINGAL](https://culturenight.ie/fingal)

FINGAL FESTIVAL OF FIRE

MONDAY 31ST OCTOBER
7.30PM

SWORDS, MALAHIDE,
BLANCHARDSTOWN,
BALBRIGGAN


FIND OUT MORE
FINGAL.IE

MAKE SURE TO WEAR YOUR HALLOWEEN COSTUME AND BRING YOUR TORCH

Do Chomhairleoirí



Toghcheantair Aitiúil



Baile Brigin

1. Cllr. Tony Murphy
Independent
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030
2. Cllr. Grainne Maguire
Independent
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650
3. Cllr. Seána Ó Rodaigh
Labour Party
seana.oro-daigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801
4. Cllr. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897
5. Cllr. Karen Power
Green Party
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

An Ros - Lusca

6. Cllr. Robert O'Donoghue
Labour Party
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 0545554
7. Cllr. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485
8. Cllr. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. Cllr. Cathal Boland
Independent
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. Cllr. Paul Mulville
Social Democrats
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

Sord

11. Cllr. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378
12. Cllr. Ian Carey
Green Party
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004
13. Cllr. Dean Mulligan
Independents4Change
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. Cllr. Joe Newman
Independent
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. Cllr. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. Cllr. James Humphreys
Labour Party

james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

Binn Éadair/Mullach Íde

18. Cllr. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. Cllr. David Healy
Green Party
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. Cllr. Brian Mc Donagh
Labour Party
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. Cllr. Jimmy Guerin
Independent
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. Cllr. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. Cllr. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. Cllr. Joan Hopkins
Social Democrats
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

Caisleán Cnucha

25. Cllr. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. Cllr. John Walsh
Labour Party
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. Cllr. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

28. Cllr. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

20. Cllr. Pamela Conroy
Green Party
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30. Cllr. Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@cllrs.fingal.ie
087 3984778

Ongar

31. Cllr. Tania Doyle
Independent
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32. Cllr. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. Cllr. Daniel Whooley
Green Party
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. Cllr. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. Cllr. Angela Donnelly
Sinn Féin
angela.donnelly@cllrs.fingal.ie
087 6730137

Baile Bhlaínséir - Mullach Eadrad

36. Cllr. Mary McCamley
Labour Party
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 162 1441

37. Cllr. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. Cllr. John Burtachaell
Solidarity
john.burtachaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. Cllr. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. Cllr. John-Kingsley
Onwumereh
Fianna Fáil
jk.onwumereh@cllrs.fingal.ie
089 9642783

Tá muid ag earcú!



Táimid ag fostú

- Pleanálaí Feidhmeannach
- Pleanálaí Cúnta
- Pleanálaí Iarchéime Sealadach

**Déan iarratas faoin, 7 Deireadh Fómhair
2022**

Tuilleadh eolais ar: www.fingal.ie/jobs

Scan ár gCód QR

